BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

30 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Airteagal 102 CFAE – Mí-úsáid ceannasachta – Acmhainní na n-údarás náisiúnta iomaíochta chun rialacha iomaíochta a chur chun feidhme – Treoir (AE) 2019/1 – Comhar idir na húdaráis iomaíochta náisiúnta – Airteagal 4(5) – Tosaíochtaí a leagan síos do nósanna imeachta maidir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a chur chun feidhme – Fíneálacha arna bhforchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais ghnóthas – Airteagal 13 – Nósanna imeachta um shárú ar rialacha dlí na hiomaíochta – Tréimhse réasúnta a chomhlíonadh – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go bhfuil oibleagáid ar an údarás náisiúnta ráiteas agóidí a eisiúint laistigh de thréimhse 90 lá tar éis dó eolas a fháil ar ghnéithe bunriachtanacha an tsáraithe – Cinneadh an údaráis iomaíochta náisiúnta a chur ar neamhní ina iomláine agus go huathoibríoch i gcás nach gcomhlíontar an teorainn ama sin – An prionsabal *ne bis in idem* – An chumhacht chun imeachtaí nua um shárú a thionscnamh i leith na bhfíoras céanna a bhaint – Prionsabal na héifeachtachta – Cearta cosanta gnóthas)

I gCás C-511/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin Réigiúnach, Lazio, an Iodáil), trí bhreith an 1 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

Caronte & Tourist SpA

v

Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato,

páirtithe leasmhara:

Unione nazionale consumatori, – Comitato regionale della Sicilia,

Unione nazionale consumatori,

Assarmatori,

Confederazione Italiana Armatori

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra)

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Dara Dlísheomra, F. Biltgen, Uachtarán an Chéad Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, agus J. Passer, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Caronte & Tourist SpA, ag D. Astorre, F. Cintioli, M. Siragusa agus R. Tremolada, avvocati,

– Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato, ag F. Sclafani, avvocato dello Stato,

– Unione nazionale consumatori – Comitato regionale della Sicilia, ag P. Intilisano, avvocato,

– Assarmatori, ag P. Molea agus A. Police, avvocati,

– Confederazione Italiana Armatori, ag G. Morbidelli agus R. Righi, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó L. Fiandaca agus de P. Gentili, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Gréige, ag K. Boskovits, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na hUngáire, ag D. Csoknyai, Z. Fehér agus K. Szíjjártó, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Slóvaice, ag E. Drugda agus S. Ondrášiková, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Castillo de la Torre, G. Conte agus C. Sjödin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 102 CFAE.

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir Caronte & Tourist SpA (‘C&T’) agus an Autorità Garante della Concorrenza e del mercato (Údarás Iomaíochta na hIodáile) (‘AGCM’), maidir le pionóis a ghearr an t-údarás sin ar C&T de bharr mí-úsáid ceannasachta.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Conradh FAE

3 De réir Airteagal 102 CFAE:

‘Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a thoirmeasc mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit.

D’fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

[...]’

Treoir (AE) 2019/1

4 Foráiltear le haithrisí 1, 2, 6, 8, 23 agus 40 de Threoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, (IO 2019 L 11, lch. 3), mar seo a leanas:

‘(1) Is leis an mbeartas poiblí a bhaineann Airteagail 101 agus 102 [CFAE] agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Aontais [Eorpaigh] chun a áirithiú nach saobhfaí an iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Is gá forfheidhmiú éifeachtach Airteagail 101 agus 102 [CFAE] chun a áirithiú go mbeidh margaí iomaíocha níos oscailte agus níos cothroime san Aontas, go mbeidh cuideachtaí ag iomaíocht iontu ar a mbuanna féin gan cuideachtaí bacainní ar dhul isteach sa mhargadh a chur suas, sa dóigh gur féidir leo rachmas a ghiniúint agus poist a chruthú. Tugann an forfheidhmiú sin cosaint don tomhaltóir agus do ghnóthais atá gníomhach sa mhargadh inmheánach ar chleachtais ghnó a choinneodh praghas na n-earraí agus na seirbhísí go hard ar dhóigh shaorga agus méadaíonn sé rogha an tomhaltóra maidir le hearraí agus seirbhísí nuálacha.

(2) Is iad údaráis iomaíochta náisiúnta [...] na mBallstát a dhéanann forfheidhmiú poiblí Airteagail 101 agus 102 CFAE i gcomhthráth leis an gCoimisiún [Eorpach] de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh [101 agus 102 CFAE] (JO 2003 L 1, lch. 1)]. Le chéile, is gréasán údarás poiblí iad na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún a chuireann rialacha iomaíochta an Aontais i bhfeidhm i ndlúthchomhar (an “Gréasán Eorpach Iomaíochta”).

[...]

(6) […] Ní féidir le gnóthais dul in iomaíocht bunaithe ar a mbuanna féin fad atá tearmainn ann inar féidir cleachtais fhrithiomaíocha a chur i gcrích toisc, mar shampla, nach féidir fianaise a bhailiú ar chleachtais fhrithiomaíocha nó toisc gur féidir le gnóthais dliteanas i leith fíneálacha a sheachaint sna háiteanna sin. […]

[…]

(8) Ar mhaithe le limistéar comhchoiteann forfheidhmiúcháin iomaíochta a bheith ann dáiríre san Aontas, limistéar ina soláthrófar cothroime iomaíochta níos fearr do ghnóthais atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach agus ina laghdófar dálaí míchothroma do thomhaltóirí, is gá ráthaíochtaí bunúsacha maidir le neamhspleáchas agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna, teicniúla agus teicneolaíocha agus íoschumhachtaí forfheidhmiúcháin agus fíneála a thabhairt isteach i leith Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm agus an dlí iomaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcomhthráth leis na hAirteagail sin ionas go mbeidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin lánéifeachtach.

[…]

(23) Ba cheart d'údaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin a bheith in ann tosaíocht a thabhairt dá n-imeachtaí i leith fhorfheidhmiú Airteagail 101 agus 102 CFAE ionas go mbeidh siad in ann úsáid éifeachtach a bhaint as a n-acmhainní agus ionas go gcumasófar dóibh díriú ar iompraíocht fhrithiomaíoch a shaobhann an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc agus […] deireadh a chur le hiompraíocht den sórt sin. […]

[…]

(40) Chun forfheidhmiú éifeachtach aonfhoirmeach Airteagail 101 agus 102 CFAE a áirithiú, ba cheart do na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin an chumhacht a bheith acu chun fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas i leith sáruithe ar Airteagal 101 nó 102 CFAE […]'

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(1) den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme':

Leis an Treoir seo, leagtar amach rialacha deimhne chun a áirithiú go mbeidh ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta na ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas, acmhainní, agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin agus fíneála riachtanacha ionas go mbeidh siad in ann Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm go héifeachtach ionas nach saobhfar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach agus nach gcuirfear tomhaltóirí agus gnóthais faoi mhíbhuntáiste le dlíthe agus bearta náisiúnta lena gcuirtear cosc ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta bheith ina bhforfheidhmitheoirí éifeachtacha.'

6 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe', i mír 1:

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(5) ciallaíonn “an Gréasán Eorpach Iomaíochta” an gréasán údarás poiblí arna chur ar bun ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus ag an gCoimisiún chun fóram plé agus comhair a chur ar fáil a mhéid a bhaineann le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú;

[...]’

7 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal ‘Bearta cosanta’, don mhéid seo a leanas:

‘1. Imeachtaí a bhaineann le sáruithe ar Airteagal 101 CFAE nó ar Airteagal 102 CFAE, lena n-áirítear feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta, comhlíonfaidh na himeachtaí sin prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta cosanta na ngnóthas, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun leighis éifeachtaigh os comhair binse.

3. [...] Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta ráiteas agóidí sula ndéanfaidh siad cinneadh de bhun Airteagal 10 den Treoir seo.’

8 Foráiltear le hAirteagal 4 de Threoir 2019/1, dar teideal ‘Neamhspleáchas’, i mír 5 de:

‘Beidh an chumhacht ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin chun a dtosaíochtaí a shocrú le haghaidh na cúraimí a dhéanamh chun Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Treoir seo. A mhéid atá oibleagáid ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin gearáin fhoirmiúla a mheas, beidh an chumhacht ag na húdaráis sin chun gearáin den sórt sin a dhiúltú ar na forais nach measann siad gur tosaíochtaí forfheidhmiúcháin iad na gearáin sin. Ní dochar an méid sin don chumhacht atá ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin chun gearáin a dhiúltú ar fhorais eile a shainítear sa dlí náisiúnta.’

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 5 den Treoir sin, dar teideal ‘Acmhainní’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ar a laghad líon leordhóthanach foirne cáilithe agus líon leordhóthanach acmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíochta is gá ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach, agus chun a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú go héifeachtach agus Airteagail 101 agus 102 CFAE á gcur i bhfeidhm mar a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Chun críocha mhír 1, beidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta in ann, ar a laghad, imscrúduithe a dhéanamh d’fhonn Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm, cinntí a ghlacadh lena ndéantar na forálacha sin a chur i bhfeidhm ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003; agus obair a dhéanamh i ndlúthchomhair sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach aonfhoirmeach Airteagail 101 agus 102 CFAE a áirithiú. [...]

[...]’

10 Foráiltear le mír 1 d'Airteagal 13 den Treoir sin, dar teideal 'Fíneálacha ar ghnóthais agus ar chomhlachais ghnóthas':

'Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur trí chinneadh ina n-imeachtaí forfheidhmiúcháin féin, nó trína iarraidh in imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla go bhforchuirfí iad, ar ghnóthais nó ar chomhlachais gnóthas i gcás ina mbeidh Airteagal 101 CFAE nó Airteagal 102 CFAE sáraithe acu, d'aon ghnó nó le faillí.'

11 Foráiltear le hAirteagal 29(1) den Treoir sin, dar teideal 'Rialacha maidir le tréimhsí teorann chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur':

'Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na tréimhsí teorann do na húdaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur de bhun Airteagal 13 agus Airteagal 16 a chur ar fionraí nó a bhriseadh ar feadh fhad na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin os comhair údaráis iomaíochta náisiúnta de chuid Ballstáit eile nó os comhair an Choimisiúin i dtaca le sárú lena mbaineann an comhaontú céanna, an cinneadh comhlachais céanna nó an cleachtas comhbheartaithe céanna nó iompar eile a thoirmisctear le hAirteagal 101 nó 102 CFAE.

[...]'

12 De bhun Airteagal 34(1) de, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin riachtanacha a chur i bhfeidhm an 4 Feabhra 2021 ar a dhéanaí chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Tháinig Treoir 2019/1 i bhfeidhm an 3 Feabhra 2019, i gcomhréir le hAirteagal 36 di.

Dlí na hIodáile

Dlí Uimh. 287/90

13 Airteagal 1 de Legge uimh. 287 – Foráiltear in Norme per la tutela della concorrenza e del mercato (Dlí Uimh. 287 maidir le glacadh na bhforálacha a bhaineann le hiomaíocht ar an margadh a shlánú), an 10 Deireadh Fómhair 1990 (GURI Uimh. 240, an 13 Deireadh Fómhair 1990, lch. 3), sa leagan is infheidhme sna príomhimeachtaí ('Dlí Uimh. 287/90'), dar teideal 'Raon feidhme agus an ceangal le dlí [an Aontais]' i mír 4:

'Déanfar léiriú ar na forálacha den teideal seo ar bhonn na bhforálacha de dhlí [an Aontais] is infheidhme i réimse na hiomaíochta.'

14 Foráiltear le hAirteagal 3 den Dlí sin, dar teideal 'Mí-Úsáid ceannasachta'i mír 1:

'Tá sé toirmiscthe an mhí-úsáid ceannasachta de chuid ceann amháin nó roinnt gnóthas sa mhargadh náisiúnta nó i gcuid mhaith de; tá sé toirmiscthe freisin:

(a) praghsanna ceannaigh nó díolta nó téarmaí conarthacha eile atá trom go héagórach a chur i bhfeidhm go díreach nó go hindíreach;

[...]'

15 Foráiltear le hAirteagal 31(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Pionóis’:

‘Tá na fíneálacha riaracháin a bhaineann le sáruithe den Dlí seo faoi réir, a mhéid is atá siad infheidhme, na bhforálacha a leagtar síos i gCaibidil I, Ranna I agus II, de [Dhlí Uimh. 689 – Modifiche al sistema penale (Dlí Uimh. 689 maidir le leasuithe ar an gcóras coiriúil), an 24 Samhain 1981, sa leagan is infheidhme sna príomhimeachtaí (‘Dlí Uimh. 689/81’)].

Dlí Uimh. 689/81

16 Rialaítear le Dlí Uimh. 689/81 córas ginearálta na bhfíneálacha riaracháin agus foráiltear in Airteagal 14, dar teideal ‘Ráiteas agóidí agus fógra’:

‘Caithfear an sárú a chur in iúl láithreach, más féidir, don chiontóir agus don té atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith na suime atá dlite de bharr an tsáraithe sin.

I gcás nach bhfuil aon chur in iúl láithreach do na daoine dá dtagraítear sa mhír thuas, caithfear na gnéithe den sárú a chur in iúl do na páirtithe leasmhara a bhfuil cónaí orthu i gcríoch na Poblachta laistigh de theorainn ama 90 lá agus caithfear é sin a chur in iúl dóibh a bhfuil cónaí orthu thar lear laistigh de theorainn ama 360 lá ón dáta a tugadh [an sárú] faoi deara.

Nuair a sheoltar na doiciméid a bhaineann leis an sárú chuig an údarás inniúil trí bhíthin cinneadh ón údarás breithiúnach, cuirtear tús leis na teorainneacha ama a luaitear sa mhír thuas ón dáta a fuarthas [na doiciméid sin].

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

17 Soláthraíonn C & T seirbhísí farantóireachta i gCaolas Messina (an Iodáil). An 24 Márta 2018, fuair AGCM tuairisc ó thomhaltóir ag gearán go raibh praghsanna na seirbhíse sin ró-ard agus ag iarraidh go ndéanfar imscrúdú. Ina dhiaidh sin, an 23 Aibreán 2019, sheol AGCM iarratas ar fhaisnéis chuig údarás chalafort Messina, agus ina dhiaidh sin, an 19 Samhain 2019, sheol sé meabhrúchán a d’fhreagair an t-údarás sin an 26 Samhain 2019.

18 An 4 Lúnasa 2020, chuir AGCM in iúl do C&T an cinneadh chun nós imeachta a oscailt chun a chinneadh go raibh sárú iomaíochta ann.

19 Lena chinneadh an 11 Aibreán 2022, dhearbhaigh AGCM, ar bhonn Airteagal 3 de Dhlí Uimh. 287/90, go raibh mí-úsáid ceannasachta ann ó thaobh C&T de mar gheall ar phraghsanna ró-ard don tseirbhís farantóireachta feithiclí i gcaolas Messina. Dá bharr sin, d’ordaigh an t-údarás sin do C&T deireadh a chur leis an gcleachtas sin as sin amach agus, ag féachaint do thromchúis agus achar an tsáraithe, ghearr sé fíneáil EUR 3 719 370 air.

20 Rinne C&T agóid i gcoinne chinneadh AGCM an 11 Aibreán 2022 os comhair Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag brath, *inter alia*, ar an bhfíoras gur tionscnaíodh an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta inar tugadh an cinneadh sin ró-dhéanach.

21 I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, de réir chásdlí an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil) le déanaí, go bhfuil na himeachtaí iomaíochta arna seoladh ag AGCM faoi réir chomhlíonadh Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 689/81, faoina gceanglaítear ar an údarás sin, faoi phian a chumhachta chun pionós a fhorchur a bhaint de, an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta a thionscnamh trí bhíthin ráiteas agóidí laistigh de 90 lá ón tráth a mbeidh sé ar an eolas faoi na gnéithe bunriachtanacha den sárú líomhainte ('an tréimhse atá i gceist').

22 Tá túsphointe beacht na tréimhse atá i gceist faoi réir athbhreithniú breithiúnach agus sa chomhthéacs sin ní mór don chúirt riaracháin measúnú cúlghabhálach a dhéanamh agus a fháil amach cén pointe ónar leor an fhaisnéis a bhí ar fáil do AGCM ag am ar leith chun go gceanglófaí air an ráiteas agóidí a sheoladh agus, dá réir sin, tús a chur le céim imscrúdaithe sáraíochta an nós imeachta. I gcás ina mainneofaí an teorainn ama sin a chomhlíonadh, chuirfí cinneadh AGCM a glacadh ag deireadh an nós imeachta um shárú ar neamhní ina iomláine. Lena chois sin, de bhun an phrionsabail *ne bis in idem*, ní fhéadfaidh an t-údarás sin nós imeachta imscrúdaithe nua a thionscnamh i dtaca leis an gcleachtas céanna, fiú i gcás nár chuir an gnóthas lena mbaineann deireadh leis an gcleachtas sin.

23 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, baineann cur i bhfeidhm na teorann ama atá i gceist an bonn de neamhspleáchas AGCM trína cheangal air imscrúdú a dhéanamh ar na cásanna atá os a chomhair in ord croineolaíoch amháin, gan bheith in ann sainghnéithe gach cáis a chur san áireamh. I bhfianaise a chasta atá gníomhaíocht AGCM, go háirithe le linn imscrúduithe a bhaineann le cleachtais oibreoirí móra eacnamaíocha, mhéadófaí an riosca nach mbeadh an t-údarás sin in ann an fhianaise riachtanach agus leordhóthanach a bhailiú chun an sárú líomhainte a shuí dá dtionscnófaí an chéim sáraíochta imscrúdaithe den nós imeachta ró-luath.

24 Thairis sin, ós rud é nach gceanglaítear ar an ngnóthas lena mbaineann, faoin dlí náisiúnta, arna léiriú ag an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit), a shuíomh gur bhain damáiste dó toisc gur tionscnaíodh an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta i ndiaidh na teorann ama atá i gceist, tá toimhde dhofhrisnéise ann gur sáraíodh cearta cosanta an ghnóthais sin mar gheall ar an mainneachtain sin amháin an teorainn ama a chomhlíonadh.

25 In aon chás, níl cur i bhfeidhm teorann ama a mbraitheann a túsphointe ar an gcás faoi leith ag luí leis an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint, nach mór do na gnóthais a ngearrtar pionós orthu a bheidh in ann a éileamh.

26 I bhfianaise na mbreithnithe sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhfuil cur i bhfeidhm na teorann ama atá i gceist maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a bhaineann le sáruithe arna ndéanamh i ndáil le mí-úsáid ceannasachta i gcomhréir le dlí an Aontais.

27 Sna cúinsí sin, chinn an Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin Réigiúnach, Lazio) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear Airteagal 102 CFAE, arna léamh i bhfianaise na bprionsabal maidir le hiomaíocht a chosaint agus éifeachtacht na gníomhaíochta riaracháin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 14 de [Dhlí Uimh. 689/81] - mar a léirítear sa chásdlí is déanaí - lena gceanglaítear ar [AGCM] an nós imeachta imscrúdaithe a thionscnamh chun mí-úsáid ceannasachta a bhrath laistigh den

teorainn ama nócha lá, ag tosú ón nóiméad a bhfuil an tÚdarás ar an eolas faoi ghnéithe riachtanacha an tsáraithe, ós rud é go bhféadfadh na gnéithe sin a bheith [...] sa chéad tuarascáil ar an gcion?'

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear

Inghlacthacht

28 Áitíonn C & T agus Assmarori, go bunúsach, go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha, ós rud é nach bhfuil an sárú a líomhnaítear i gcoinne C & T bunaithe ar shárú ar Airteagal 102 CFAE, ach ar Airteagal 3 de Dhlí Uimh. 287/90 amháin, lena dtoirmeasctar, ar an leibhéal náisiúnta, mí-úsáid ceannasachta. Dá réir sin, roghnaigh AGCM an dlí iomaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm go heisiach. Thairis sin, baineann an cheist a tharchuirtear le hiarraidh ar léiriú ar fhoráil den dlí náisiúnta, eadhon Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 689/81, a thagann faoi neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát agus nach bhfuil aon bhaint aige leis an dlí iomaíochta substainteach.

29 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina gcuirtear pionóis ar oibreoir eacnamaíoch de bhun dhlí na hiomaíochta náisiúnta amháin, gur féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt fós ar iarraidh ar réamhrialú a bhaineann le léiriú Airteagal 102 CFAE i gcás ina bhfuil feidhm ag an bhforáil sin trí bhíthin an dlí náisiúnta de bharr go ndéantar tagairt leis d'inneachar Airteagal 102 CFAE. I gcás ina bhfuil reachtaíocht náisiúnta na réitigh a thugtar i reachtaíocht náisiúnta, le haghaidh cásanna inmheánacha amháin, ag teacht leis na réitigh arna nglacadh le dlí an Aontais, is léir go bhfuil leas ag an Aontas Eorpach go ndéanfar léiriú aonfhoirmeach ar na forálacha nó na coincheapa arna nglacadh ón dlí sin, beag beann ar na coinníollacha ina mbeidh siad le cur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 24, 26 agus 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go ndéantar léiriú ar na forálacha de Chaibidil I ar bhonn na bprionsabal de dhlí an Aontais a bhfuil feidhm acu i réimse na hiomaíochta, de bhun Airteagal 1(4) de Dhlí Uimh. 287/90,. Sa chomhthéacs sin, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl go bhfuil raon feidhme normatach ag Airteagal 3 den Dlí sin atá coibhéiseach go bunúsach le raon feidhme Airteagal 102 CFAE.

31 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil forálacha Theideal I de Dhlí Uimh. 287/90, lena n-áirítear Airteagal 3, chun críocha na réiteach atá ann ar staideanna inmheánacha amháin, ag teacht leis na cinn arna nglacadh faoi dhlí an Aontais faoi, *inter alia*, Airteagal 102 CFAE. (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Nollaig 2007, *ETI agus páirtithe eile*, C-280/06, EU:C:2007:775, mír 23).

32 Thairis sin, níl aon tionchar ar inghlacthacht na hiarrata seo ag an bhfíoras go mbaineann na ceisteanna atá ag an gcúirt a rinne an tarchur leis an bhforáil nós imeachta in Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 689/81, seachas le forálacha substainteacha dhlí na hiomaíochta, i dTeideal I de Dhlí Uimh. 287/90.

33 Ar an gcéad dul síos, is léir ón iarraidh ar réamhrialú, de réir chásdlí an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit), go bhfuil feidhm ag Airteagal 14 de Dhlí 689/81 maidir le fíneálacha riaracháin i gcás ina ndéantar sárú ar Dhlí Uimh. 287/90, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Dlí sin. Ar an dara dul síos, ní scaoiltear foráil den dlí náisiúnta a thagann faoi neamhspleáchas nós

imeachta Ballstáit ó chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, ós rud é nach mór cumhacht na mBallstát i ndáil le foráil den sórt sin a ghlacadh a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos, i ndáil leis sin, ag an dlí sin.

34 Sna himthosca sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Substaint an cháis

35 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas breith a thabhairt sa díospóid atá os a comhair. Ón taobh sin de, is féidir leis an gCúirt, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a tharchuirtear chuici a chur i bhfocail eile agus rialacha dhlí an Aontais nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste a chur san áireamh, más gá (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2024, *Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri MVR–Sofia*, C-118/22, EU:C:2024:97, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Ar an gcéad dul síos, is cásdlí socair é, le linn na tréimhse chun treoir a thrasuí, nach mór do na Ballstáit ar a bhfuil sí dírithe staonadh ó aon bheart a dhéanamh a d'fhéadfadh baint amach an toraidh a leagtar síos leis an Treoir sin a chur i mbaol go mór (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *VYSOČINA WIND*, C-181/20, EU:C:2022:51, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Ós rud é go bhfuil údaráis uile na mBallstát faoi réir na hoibleagáide lánéifeacht fhorálacha dhlí an Aontais a áirithiú, tá an oibleagáid staonadh ó ghníomhú a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo chomh ceangailteach céanna ar na cúirteanna náisiúnta. Dá réir sin, ón dáta a bheidh an Treoir i bhfeidhm, caithfidh na Ballstáit staonadh, a mhéid agus is féidir, ó léiriú a thabhairt ar an dlí náisiúnta ar bhealach lena bhféadfaí baint amach chuspóir na Treorach sin a chur i mbaol go mór, tar éis dhul in éag na teorann ama chun treoir a thrasuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Aibreán 2024, *Agencia Estatal de la Administración Tributaria (Eisiamh éileamh arna rialú ag an dlí poiblí ó urscaoileadh fiachais)*, C-687/22, EU:C:2024:287, míreanna 47 gus 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Sa chás seo, glacadh cinneadh AGCM chun an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta a thionscnamh i ndáil le C&T an 4 Lúnasa 2020, is é sin, le linn na tréimhse chun Treoir 2019/1 a thrasuí. I gcomhréir le hAirteagal 34(1) agus Airteagal 36 den Treoir sin, tháinig an Treoir sin i bhfeidhm an 3 Feabhra 2019 agus ceanglaíodh ar na Ballstáit í a chomhlíonadh faoin 4 Feabhra 2021 ar a dhéanaí.

39 Mar is léir ó Airteagal 1(1) de Threoir 2019/1, arna léamh i bhfianaise aithrisí 1, 6 agus 8 den Treoir sin, bunaítear leis an Treoir sin, chun críocha chur i bhfeidhm éifeachtach Airteagail 101 agus 102 CFAE ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ráthaíochtaí bunúsacha áirithe, atá beartaithe chun na húdaráis sin a chumhachtú chun gníomhú go héifeachtach agus na forálacha sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach, go háirithe ar mhaithe leis an gcuspóir margaí iomaíocha cothroime agus oscailte a ráthú, tomhaltóirí agus gnóthais a chosaint i gcoinne cleachtais fhrithiomaíocha, chomh maith le seachaint go mbeidh cleachtais amhail sin saor ó phionóis.

40 Dá réir sin, chun a mheas an raibh cinneadh AGCM na himeachtaí imscrúdaithe sáraíochta a thionscnamh as am i bhfianaise na tréimhse atá i gceist, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur, i gcomhréir leis an treoir a leagtar amach i míreanna 36 agus 37 den bhreithiúnas seo, forálacha ábhartha Threoir 2019/1 a chur san áireamh, agus mar thoradh air sin is gá an cheist a tarchuireadh a fhreagairt agus an gníomh sin de chuid an Aontais á chur san áireamh freisin.

41 Ar an dara dul síos, is léir ón iarraidh ar réamhrialú ní hamháin go bhfuil imeachtaí um shárú faoi Dhlí Uimh. 287/90 faoi réir na teorann ama atá i gceist, ach freisin go mbeidh sé mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na teorann ama sin go gcuirfear an cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag AGCM ar neamhní agus nach mbeidh sé de chumhacht aige imeachtaí nua a thionscnamh maidir leis na fíorais chéanna.

42 Chun freagra iomlán úsáideach a thabhairt, ní mór a mheas, dá bhrí sin, lena ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Treoir 2019/1 agus Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir, le linn imeachtaí maidir le cleachtas frithiomaíoch arna seoladh ag údarás náisiúnta iomaíochta, ar an gcéad dul síos, a fhorchuirtear oibleagáid ar an údarás sin an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta sin a thionscnamh trí ráiteas agóidí a sheoladh chuig an ngnóthas sin laistigh de theorainn ama 90 lá ón tráth a bhfuil sé ar an eolas faoi na gnéithe bunriachtanacha den sárú líomhainte, a d'fhéadfadh a bheith teoranta do na gnéithe sa chéad tuairisc maidir leis an sárú sin, agus, ar an dara dul síos, a dhéantar neamhchomhlíonadh na teorann ama sin a phionósú tríd an gcinneadh críochnaitheach ón údarás sin ag deireadh an nós imeachta um shárú a chur ar neamhní ina iomláine agus tríd an gcumhacht a bhaint den údarás sin imeachtaí nua um shárú a thionscnamh maidir leis an gcleachtas céanna.

43 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú ag an tús, in éagmais rialacha sonracha de chuid an Aontais lena rialaítear teorainneacha ama nós imeachta d'údaráis náisiúnta iomaíochta chun sáruithe a shuí agus chun pionóis a fhorchur, gur faoi na Ballstáit atá sé rialacha nós imeachta náisiúnta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm sa réimse sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, míreanna 43 go 45).

44 Mar sin féin, cé gur faoi inniúlacht na mBallstát atá sé na rialacha sin a leagan síos agus a chur i bhfeidhm, ní mór dóibh an inniúlacht sin a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais. I bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, ní féidir leo a fhágáil go mbeidh sé dodhéanta nó ró-dheacair dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus, go háirithe, i réimse dhlí na hiomaíochta, ní mór dóibh a áirithiú nach dtéann na rialacha a leagann siad síos, nó a chuireann siad i bhfeidhm, chun dochair do chur i bhfeidhm éifeachtach Airteagail 101 agus 102 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Ba cheart a mheas go bhfuil socrú teorainneacha ama nós imeachta réasúnta maidir le sáruithe a shuí agus pionóis a fhorchur ag údaráis iomaíochta náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais. Leagtar síos teorainneacha ama réasúnta den sórt sin chun leas na ngnóthas lena mbaineann agus na n-údaráis sin araon, i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, agus ní fhágann siad go bhfuil cur chun feidhme dhlí an Aontais dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 48).

46 Dá réir sin, ní mór do na rialacha náisiúnta lena leagtar síos teorainneacha ama nós imeachta maidir le sáruithe a shuí agus pionóis a fhorchur ag údaráis iomaíochta náisiúnta, i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, féachaint lena áirithiú go ndéileálfar le cásanna laistigh de

thréimhse ama réasúnta, ach nach mbeidh sé d'éifeacht acu cur chun feidhme éifeachtach Airteagail 101 agus 102 CFAE agus Threoir 2019/1 sa dlíchóras náisiúnta a chur i mbaol (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 49).

47 Chun a chinneadh an urramaíonn córas teorainneacha ama náisiúnta cothromú den sórt sin, is iomchuí chur san áireamh, go háirithe, fad na tréimhse lena mbaineann agus na rialacha mionsonraithe uile maidir lena cur i bhfeidhm, amhail an dáta a thosaíonn sí, na rialacha mionsonraithe chun tús a chur leis an tréimhse sin, agus na socruithe faoinar féidir í a chur ar fionraí nó a bhriseadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 50, agus an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 30).

48 Ní mór gnéithe sonracha na gcásanna a thagann faoi dhlí na hiomaíochta a chur san áireamh freisin agus, go háirithe, an fíoras go n-éilítear leis na cásanna sin, i bprionsabal, anailís chasta fhíorasach agus eacnamaíoch a dhéanamh (breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 51).

49 Thairis sin, chun críocha teorainneacha ama réasúnta a shocrú le haghaidh na n-imeachtaí arna seoladh ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta d'fhonn cleachtais fhrithiomaíocha a phionósú, ceanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ar na Ballstáit rialacha maidir le teorainneacha ama a bhunú atá sách beacht, soiléir agus intuartha chun go bhféadfaidh na páirtithe uile lena mbaineann a bheith ar an eolas go beacht faoi raon na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis na rialacha atá i gceist agus gníomhú dá réir (féach, de réir analaí, breithiúnais an 11 Nollaig 2012, *an Coimisiún* v *an Spáinn*, C-610/10, EU:C:2012:781, mír 49; an 3 Meitheamh 2021, *Jumbocarry Trading*, C-39/20, EU:C:2021:435, mír 48, agus an 7 Márta 2024, *Die Länderbahn agus páirtithe eile*, C-582/22, EU:C:2024:213, mír 66).

50 Sa chomhthéacs sin, is léir ó chásdlí na Cúirte maidir le himeachtaí um shárú ar Airteagail 101 agus 102 CFAE arna dtionscnamh ag an gCoimisiún nach mór an prionsabal maidir le tréimhse réasúnta a urramú, i bprionsabal, le linn gach céim de na himeachtaí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2002, *Limburgse Vinyl Maatschappij agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-238/99 P, C-244/99 P, C-245/99 P, C-247/99 P, C-250/99 P go C-252/99 P agus C-254/99 P, EU:C:2002:582, míreanna 199 agus 230, agus an 21 Meán Fómhair 2006, *Nederlandse Federatieve Vereniging voor de Groothandel op Elektrotechnisch Gebied* v *an Coimisiún*, C-105/04 P, EU:C:2006:592, míreanna 37 go 39).

51 Ar cúiseanna comhchosúla, agus teorainneacha ama nós imeachta á leagan síos maidir le sáruithe a shuí agus pionós a fhorchur ag údaráis náisiúnta iomaíochta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ní hamháin do rialacha ginearálta maidir le hurchosc ama is infheidhme maidir leis na himeachtaí sáraithe ina n-iomláine ach freisin, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha ama lena rialaítear seoladh céimeanna áirithe den nós imeachta sin, amhail an chéim sula gcuirtear an ráiteas agóidí in iúl don ghnóthas lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil na teorainneacha ama atá i gceist i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 46 go 49 den bhreithiúnas seo.

52 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú nach mór, i bprionsabal, réasúntacht fhad na céime sin a mheas i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann go sonrach le gach cás (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meitheamh 2013, *HGA agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-630/11 P go C-633/11 P, EU:C:2013:387, mír 82). Go sonrach, ní mór d'fhad tréimhse nós imeachta lena rialaítear an chéim sin a bheith leordhóthanach sa chleachtas chun seoladh rianúil na céime sin a áirithiú

(féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Deireadh Fómhair 2015, *BBVA*, C-8/14, EU:C:2015:731, mír 29, agus an 9 Meán Fómhair 2020, *Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (Diúltú d'iarratas ina dhiaidh sin–Tréimhse chun achomharc a dhéanamh)*, C-651/19, EU:C:2020:681, mír 57).

53 Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, i gcomhthéacs imeachtaí um shárú faoi Airteagail 101 agus 102 CFAE arna seoladh ag an gCoimisiún, go bhfuil sé beartaithe leis an réamhchéim imscrúdaithe, a leanann go dtí an ráiteas agóidí, ní hamháin a chur ar chumas na hinstitiúide sin an fhianaise ábhartha go léir a bhailiú lena ndeimhnítear nó nach ndeimhnítear gurb ann do shárú ar na rialacha iomaíochta, ach seasamh a ghlacadh freisin maidir leis an treo a ghlacfar sa nós imeachta agus an méid a dhéanfar ina dhiaidh sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2002, *Limburgse Vinyl Maatschappij agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-238/99 P, C-244/99 P, C-245/99 P, C-247/99 P, C-250/99 P go C-252/99 P agus C-254/99 P, EU:C:2002:582, mír 182, agus an 29 Meán Fómhair 2011, *Elf Aquitaine* v *an Coimisiún*, C-105/09 P, EU:C:2011:620, mír 113).

54 Cé go bhféadfadh castacht an nós imeachta i réimse na hiomaíochta údar a thabhairt go bhféadfadh an réamhchéim den nós imeachta sin dul ar aghaidh ar feadh tréimhse fhada (féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *Tempus Energy agus Tempus Energy Technology*, C-57/19 P, EU:C:2021:663, mír 62, agus an 17 Samhain 2022, *Irish Wind Farmers' Association agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-578/21 P, EU:C:2022:898 mír 88), níl an Coimisiún údaraithe chun staid neamhghníomhaíochta a bhuanú le linn na céime sin den nós imeachta (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Márta 1997, *Guérin Automobiles* v *an Coimisiún*, C-282/95 P, EU:C:1997:159, mír 36, agus an 13 Meitheamh 2013, *HGA agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-630/11 P go C-633/11 P, EU:C:2013:387, mír 81).

55 Ina theannta sin, is prionsabal bunúsach de dhlí an Aontais é urraim do chearta na cosanta agus ní mór é a urramú go hiomlán i gcomhthéacs imeachtaí riaracháin a thagann faoi dhlí an Aontais. I gcomhthéacs imeachtaí um shárú ar na rialacha iomaíochta, is é an ráiteas agóidí an ráthaíocht bhunúsach ina leith sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Deireadh Fómhair 2017, *Global Steel Wire agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-457/16 P agus C-459/16 P go C-461/16 P, EU:C:2017:819, míreanna 139 agus 140; an 13 Meán Fómhair 2018, *UBS Europe agus páirtithe eile*, C-358/16, EU:C:2018:715, mír 60, agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal*, C-882/19, EU:C:2021:800, mír 56). Deimhnítear é sin leis an dara habairt d'Airteagal 3(3) de Threoir 2019/1, ar dá réir a áiritheoidh na Ballstáit, sula nglacfaidh siad cinneadh maidir le sárú lena n-ordaítear deireadh a chur leis an sárú sin faoi Airteagail 101 nó 102 CFAE, go nglacfaidh na húdaráis náisiúnta ráiteas agóidí.

56 Dá bhrí sin, tá na breithnithe a leagtar amach i míreanna 53 go 55 den bhreithiúnas seo ábhartha freisin i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin arna sheoladh, ar an leibhéal náisiúnta, ag údarás iomaíochta náisiúnta d'fhonn pionós a fhorchur i dtaca le sárú ar Airteagal 102 CFAE.

57 Chun a n-oibleagáid maidir le dlí an Aontais a chur chun feidhme a chomhlíonadh go héifeachtach i réimse na hiomaíochta, ní mór do na húdaráis iomaíochta náisiúnta a bheith in ann leibhéil éagsúla tosaíochta a thabhairt do ghearáin a thugtar os a gcomhair trí chorrlach breithmheasa leathan a bheith acu chun na críche sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 14 Nollaig 2000, *Masterfoods agus HB*, C-344/98, EU:C:2000:689, mír 46, agus an 19 Meán Fómhair 2013, *EFIM* v *an Coimisiún*, C-56/12 P, EU:C:2013:575, míreanna 72 agus 83).

58 Tá údar le corrlach breithmheasa leathan den sórt sin a aithint freisin i bhfianaise Threoir 2019/1, ina bhforáiltear in Airteagal 5(1) agus (2), go bunúsach, nach mór do na húdaráis iomaíochta náisiúnta na hacmhainní is gá a bheith acu chun imscrúduithe a dhéanamh chun críocha chur i bhfeidhm Airteagail 101 agus 102 CFAE, comhoibriú a dhéanamh laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(5) den Treoir sin agus cinntí a ghlacadh atá dírithe, go háirithe, ar dheireadh a chur le sárú ar na forálacha sin agus pionóis a fhorchur.

59 Chun go mbeidh siad in ann na cúraimí sin a dhéanamh i gcomhréir lena neamhspleáchas oibríochtúil, ní mór an chumhacht a bheith ag na húdaráis sin, i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Threoir 2019/1, a gcuid tosaíochtaí a chinneadh. Mar is léir ó aithris 23 den Treoir sin, tá sé i gceist leis an gcumhacht sin a chur ar chumas na n-údarás sin úsáid éifeachtach a bhaint as a n-acmhainní agus iompraíocht a shaobhann an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc agus deireadh a chur leis.

60 Is léir ó chuspóir féin na céime roimh an ráiteas agóidí in imeachtaí um shárú i réimse na hiomaíochta agus ón gcorrlach breithmheasa leathan atá le bheith ag údarás náisiúnta iomaíochta chun tosaíochtaí a leagan síos dá imeachtaí a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 102 CFAE, gurb amhlaidh, le linn na céime sin den nós imeachta, nach mór don údarás sin a bheith in ann ní hamháin na réamhbhearta imscrúdaithe a ghlacadh agus na measúnuithe fíorais agus dlí a dhéanamh, ar minic iad a bheith casta, agus a bhfuil gá leo chun measúnú a dhéanamh an bhfuil údar le tús a chur leis an gcéim imscrúdaithe den nós imeachta, agus freisin lena roghnú, de réir an leibhéil tosaíochta is mian leis a thabhairt, i bhfeidhmiú a neamhspleáchais oibriúcháin, do nós imeachta um shárú atá ar siúl, agus an tráth is iomchuí chun tús a chur leis an gcéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta sin, más iomchuí sin.

61 Dá bhrí sin, ní mór an fhéidearthacht a bheith ag údarás iomaíochta náisiúnta tionscnamh na céime imscrúdaithe sáraíochta in imeachtaí faoi leith a chur siar go sealadach, cé go bhfuil gnéithe fíor-riachtanacha an tsáraithe líomhainte suite aige cheana féin. Tá féidearthacht den sórt sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun a áirithiú go mbeidh an t-údarás lena mbaineann in ann na himeachtaí go léir um shárú atá os a chomhair a láimhseáil go hiomchuí. Is dócha freisin go rannchuideoidh sin na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go héifeachtach agus go gcothóidh sé comhar iomchuí laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta. Mar sin féin, ní fhéadfadh sé a bheith de thoradh ar chur siar sealadach den sórt sin go sárófaí an tréimhse réasúnta ina bhfuil an chéim roimh an ráiteas agóidí le cur i gcrích.

62 Thairis sin, agus neamhspleáchas nós imeachta á fheidhmiú ag Ballstát, caithfidh sé a áirithiú ní hamháin éifeachtacht iomlán dhlí iomaíochta an Aontais agus go ndéanfar sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais a imscrúdú agus a chosc, ach freisin go n-urramófar na cearta bunúsacha, go háirithe, cearta cosanta na ngnóthas a dtioncsnaítear imeachtaí um shárú ina gcoinne (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Nollaig 2010, *VEBIC*, C-439/08, EU:C:2010:739, mír 63, agus an 5 Meitheamh 2018, *Kolev agus páirtithe eile*, C-612/15, EU:C:2018:392, mír 98).

63 I gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Threoir 2019/1, tá feidhmiú na gcumhachtaí nach mór a thabhairt do na húdaráis iomaíochta náisiúnta faoin Treoir sin faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta cosanta gnóthas, go háirithe an ceart chun éisteacht a fháil.

64 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin go bhféadfadh tionchar a bheith ag fad iomarcach na céime roimh an ráiteas agóidí ar na féidearthachtaí a bheidh ann sa todhchaí maidir le cosaint na ngnóthas lena mbaineann, go háirithe trína gcearta cosanta a shárú i gcomhthéacs na céime imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta um shárú a bhfuil siad faoina réir. Dá fhad an tréimhse

idir réamhbheart imscrúdaithe agus an ráiteas agóidí, is ea is dóichí a thiocfaidh sé nach féidir aon fhianaise shaorthach a bhaineann leis an sárú a ndearnadh gearán ina leith sa ráiteas sin a bhailiú a thuilleadh nó go mbaileofar í ach deacrachtaí a bheith ann leis sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2006, *Nederlandse Federatieve Vereniging voor de Groothandel op Elektrotechnisch Gebied* v *an Coimisiún* (C-105/04 P, EU:C:2006:592, mír 49).

65 Cé go bhfuil teorainneacha ama nós imeachta réasúnta beartaithe, dá bhrí sin, *inter alia*, chun feidhmiú éifeachtach chearta cosanta na ngnóthas atá faoi réir imeachtaí um shárú a áirithiú, is amhlaidh fós nach mór reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos teorainneacha ama nós imeachta maidir le pionóis arna bhforchur ag údaráis iomaíochta náisiúnta a chur in oiriúint do ghnéithe sonracha dhlí iomaíochta an Aontais agus do chuspóirí chur chun feidhme an dlí sin ag na daoine lena mbaineann, ionas nach mbainfear an bonn dá lánéifeachtacht (breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export* (C-308/19, EU:C:2021:47, mír 52).

66 Sa chás seo, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, ceanglaítear ar AGCM an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta a thionscnamh trí bhíthin ráiteas agóidí laistigh de thréimhse shocraithe 90 lá ón tráth a shuitear gnéithe bunriachtanacha an tsáraithe líomhainte. Thairis sin, is é an toradh a bhíonn ar mhainneachtain cloí leis an teorainn ama atá i gceist, ar an gcéad dul síos, go ndéantar an cinneadh críochnaitheach a ghlac AGCM ag deireadh na n-imeachtaí um shárú a neamhniú go huathoibríoch, a mhéid a bhaineann sé le scor den iompar frithiomaíoch agus leis na pionóis a fhorchuirtear ar an ngnóthas lena mbaineann. Ar an dara dul síos, cuirtear cosc go cinntitheach ar an údarás sin, de bhua an phrionsabail *ne bis in idem*, imeachtaí nua um shárú a thionscnamh maidir leis an iompar frithiomaíoch céanna. Mar is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte, is é cuspóir na rialacha sin cearta cosanta na ngnóthas a choimirciú le linn na n-imeachtaí um shárú a bhfuil siad faoina réir trí na hagóidí ina gcoinne a chur in iúl dóibh in am trátha.

67 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 107 go 109 dá Thuairim, tá baol ann go gcuirfidh cur i bhfeidhm na teorann ama atá i gceist d'oibleagáid ar AGCM déileáil go neamhdhealaithe leis na himeachtaí um shárú go léir atá os a chomhair gan imthosca sonracha gach nós imeachta a chur san áireamh, ach trí ord croineolaíoch amháin a leanúint, rud a chuirfeadh cosc air tosaíochtaí dá imeachtaí a bhaineann le cur chun feidhme Airteagail 101 agus 102 CFAE a leagan síos agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an údarás sin imeachtaí imscrúdaithe a thionscnamh ar bhonn fíorasach nó dlí éiginnte nó tús áite a thabhairt do láimhseáil catagóirí áirithe cásanna a ligeann a chuid acmhainní dó déileáil leo i ndiaidh na céime réamhscrúdaithe, i gcás inarb iomchuí, chun dochair do cháschomhaid thar a bheith casta a dhéanfadh dochar mór don tsaoriomaíocht sa mhargadh inmheánach. Is mó seans go gcuirfí as do neamhspleáchas oibríochtúil AGCM ar an gcaoi sin i gcás ina mbeidh túsphointe na tréimhse, a ndealraíonn sé go bhfuil na modhanna chun tús a chur leis an tréimhse, thairis sin, neamhbheacht, doiléir agus dothuartha ar thaobh an údaráis sin agus ar thaobh an ghnóthais lena mbaineann, ag teacht leis an gcéad tuairisc ar an sárú líomhainte a rinneadh leis an údarás sin, a bheidh faoi oibleagáid an cáschomhad a imscrúdú láithreach.

68 Thairis sin, d'fhéadfadh na hiarmhairtí a bhaineann le dul thar an teorainn ama atá i gceist cosc a chur ar AGCM comhoibriú go hiomlán laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta, arna bhunú ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus ag an gCoimisiún, mar is léir ó Airteagal 2(1)(5) de Threoir 2019/1, arna léamh i bhfianaise aithris 2 di, chun dlúthchomhar maidir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

69 Mar a chuir AGCM agus an Coimisiún in iúl, agus an ceart acu, ina mbarúlacha i scríbhinn, d'fhéadfadh sé gur ghá do na húdaráis iomaíochta náisiúnta, go háirithe i gcás gearáin nó éilimh thrócaire a dhírítear chuig roinnt údarás iomaíochta náisiúnta, comhordú a dhéanamh lena chéile agus leis an gCoimisiún i gcomhthéacs an líonra sin chun leithdháileadh optamach cásanna idir na húdaráis éagsúla laistigh den líonra sin a áirithiú agus ionas nach seolfar imeachtaí comhthreomhara a bhaineann leis na fíorais chéanna. Sa chás seo, ní léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte go bhféadfadh AGCM an tréimhse atá i gceist a chur ar fionraí nó a bhriseadh.

70 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú freisin, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Threoir 2019/1, nach mór na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna bhforchur ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta a chur ar fionraí nó a bhriseadh ar feadh thréimhse na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin arna dtionscnamh os comhair údaráis iomaíochta náisiúnta na mBallstát eile nó os comhair an Choimisiúin i leith sárú a bhaineann leis an gcleachtas frithiomaíoch céanna.

71 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach féidir, in aon chás, cearta cosanta na ngnóthas is ábhar d'imeachtaí um shárú a shárú mar gheall ar mhainneachtain an teorainn ama atá i gceist a chomhlíonadh agus mar gheall air sin amháin.

72 Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 131 dá Thuairim, cé go bhfuil sé tábhachtach go deimhin nach sárófaí ar bhealach doleigheasta cearta cosanta gnóthais le linn na réamhchéime d'imeachtaí um shárú i réimse na hiomaíochta, féadfaidh gnóthas den sórt sin, in aon chás, a chearta cosanta a fheidhmiú go héifeachtach fós, ar choinníoll go ráthaítear nach féidir leis an údarás iomaíochta náisiúnta aon chinneadh a dhéanamh i gcoinne gnóthas den sórt sin gan an t-údarás sin a bheith tar éis céim imscrúdaithe sáraíochta a thionscnamh ina bhféadfaidh an chuideachta sin a cearta cosanta a fheidhmiú go hiomlán sa chomhthéacs sin.

73 Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt go bhfuil na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann lena gcuirtear cosc go córasach, ar chúiseanna a bhaineann leis na rialacha sin féin, ar phionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha a fhorchur i leith sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais, de chineál a fhágann go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas na rialacha iomaíochta a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, mheas sí nár comhlíonadh prionsabal na héifeachtachta le reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear tréimhse theorann, a d'fhéadfadh a cur i bhfeidhm, i bhfianaise a chasta atá cásanna dhlí na hiomaíochta, riosca sistéamach a chruthú go mbeadh saoirse ó phionós ann i leith gníomhartha ar sáruithe iad ar an dlí sin (féach breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export* C-308/19, EU:C:2021:47, míreanna 53 agus 56).

74 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, faoi Airteagal 13(1) de Threoir 2019/1, arna léamh i bhfianaise aithris 40 di, nach mór an chumhacht a bheith ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas a sháraíonn, d'aon ghnó nó le faillí, Airteagail 101 nó 102 CFAE.

75 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 137 go 139 dá Thuairim, is cosúil go bhfágann na hiarmhairtí atá ann faoin reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcás neamhchomhlíonadh na teorann ama atá i gceist go mbeadh baol ann go mbeadh saoirse ó phionós ann leith le fíorais arb ionann iad agus sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go bhfágfadh an reachtaíocht náisiúnta sin nach mbeadh líon suntasach sáruithe ar na rialacha iomaíochta faoi réir pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha. Thairis sin, ós rud é nach féidir le AGCM imeachtaí nua um shárú a

thionscnamh chun pionóis den sórt sin a ghlacadh, d'fhéadfaí, go deimhin, gnóthais a spreagadh chun cleachtais fhrithiomaíocha a choinneáil ar bun, rud a chuirfeadh cur chun feidhme éifeachtach rialacha dhlí iomaíochta an Aontais ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta go mór i mbaol.

76 Sna himthosca sin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 67 go 69 agus 75 den bhreithiúnas seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh d'éifeacht ag cur i bhfeidhm na teorann ama atá i gceist maidir le gníomhaíocht AGCM an bonn a bhaint de neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis sin agus riosca sistéamach a chruthú go mbeidh saoirse ó phionós ann i leith na bhfíoras ar sáruithe iad faoi Airteagal 102 CFAE. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na forálacha náisiúnta lena leagtar síos an teorainn ama atá i gceist baint amach an toraidh a leagtar síos le Treoir 2019/1 a chur i mbaol go mór.

77 Thairis sin, ní mór a lua, maidir le léiriú ar an dlí náisiúnta sa chiall go bhfuil iarmhairtí mhainneachtain AGCM an teorainn ama atá i gceist a chomhlíonadh teoranta do chumhacht an údaráis sin pionóis a fhorchur a bhaint de, agus é fós de chumhacht aige a ordú do ghnóthas deireadh a chur lena iompar frithiomaíoch, ní fhéadfadh sé sin baol den sórt sin go mbeadh saoirse ó phionós ann a chur as an áireamh agus cur i bhfeidhm éifeachtach Airteagail 101 agus 102 CFAE a áirithiú. Go deimhin, tá teorainneacha den sórt sin ar ghníomhaíocht údaráis iomaíochta náisiúnta ar neamhréir le hoibleagáid na mBallstát córas pionós éifeachtach agus athchomhairleach a ghlacadh agus forfheidhmiú an chórais sin a áirithiú, a leagtar síos in Airteagal 13(1) de Threoir 2019/1, agus le cásdlí na Cúirte, ar dá réir, i gcás ina suitear gurb ann do shárú ar Airteagail 101 nó 102 CFAE, nach amhlaidh ach i gcásanna fíor-eisceachtúla, go háirithe i gcás inar ghlac an gnóthas lena mbaineann páirt i gclár náisiúnta trócaire agus ina raibh a chomhar cinntitheach chun an cleachtas frithiomaíoch a shainaithint agus a phionósú go héifeachtach, go bhféadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta gan ach an sárú sin a thabhairt dá aire gan fíneáil a fhorchur ar an ngnóthas lena mbaineann (féach chuige sin, breithiúnais an 22 Márta 2022, *Nordzucker agus páirtithe eile*, C-151/20, EU:C:2022:203, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 18 Eanáir 2024, *Lietuvos notarų rūmai agus páirtithe eile*, C-128/21, EU:C:2024:49, mír 108).

78 A mhéid, de réir na cúirte a rinne an tarchur, atá cur i bhfeidhm na teorann ama atá i gceist sna príomhimeachtaí mar thoradh ar léiriú áirithe ar an dlí náisiúnta ag cúirt níos airde, ba cheart a lua freisin, chun éifeachtacht fhorálacha uile dhlí an Aontais a áirithiú, go gceanglaítear le prionsabal na tosaíochta ar chúirteanna náisiúnta a ndlí náisiúnta a léiriú, a mhéid is féidir, i gcomhréir le dlí an Aontais (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal*, C-882/19, EU:C:2021:800, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 12 Deireadh Fómhair 2023, *Z. (An ceart chun cóip den chomhaontú creidmheasa a fháil)*, C-326/22, EU:C:2023:775, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 Dá bhrí sin, agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na cúirteanna sin é a léiriú, a mhéid is féidir, i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais, agus an dlí náisiúnta á chur san áireamh ina iomláine agus na modhanna léirmhínithe a aithnítear leis á gcur i bhfeidhm, chun a áirithiú go bhfuil na forálacha sin lánéifeachtach agus chun teacht ar thoradh atá comhsheasmhach leis an gcuspóir a shaothraítear leis na forálacha sin (féach chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal*, C-882/19, EU:C:2021:800, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Meán Fómhair 2022, *Lietuvos notarų rūmai agus páirtithe eile*, C-335/21, EU:C:2022:720, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Dá bhrí sin, ní mór don chúirt a rinne an tarchur a dlí náisiúnta a léiriú, a mhéid is féidir, go háirithe Airteagal 31 de Dhlí Uimh. 287/90 agus Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 689/81, ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí an Aontais chun a áirithiú go bhfuil sé lánéifeachtach. Leis an oibleagáid an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, ceanglaítear ar an gcúirt sin cásdlí socair a athrú, i gcás inarb iomchuí, i gcás ina bhfuil an cásdlí sin bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le cuspóirí forála de dhlí an Aontais agus, chuige sin, aon léiriú arna ghlacadh ag cúirt níos airde, nó ag cúirt uachtarach fiú, a bheadh ina cheangal uirthi faoina dlí náisiúnta a fhágáil gan feidhm uaithi féin, mura bhfuil an léiriú sin i gcomhréir le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *Popławski*, C-573/17, EU:C:2019:530, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 58, agus an 13 Meitheamh 2024, *DG de la Función Pública, Generalitat de Catalunya agus Departamento de Justicia de la Generalitat de Catalunya*, C-331/22 agus C-332/22, EU:C:2024:496, míreanna 108 agus 110).

81 I bhfianaise an mhéid sin go léir, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 5(5) agus Airteagal 13(1) de Threoir 2019/1 agus Airteagal 102 CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir, le linn imeachtaí maidir le cleachtas frithiomaíoch arna seoladh ag údarás náisiúnta iomaíochta, ar an gcéad dul síos, a fhorchuirtear oibleagáid ar an údarás sin an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta sin a thionscnamh trí ráiteas agóidí a sheoladh chuig an ngnóthas sin laistigh de theorainn ama 90 lá ón tráth a bhfuil sé ar an eolas faoi na gnéithe bunriachtanacha den sárú líomhainte, a d'fhéadfadh a bheith teoranta do na gnéithe sa chéad tuairisc maidir leis an sárú sin, agus, ar an dara dul síos, a dhéantar neamhchomhlíonadh na teorann ama sin a phionósú tríd an gcinneadh críochnaitheach ón údarás sin ag deireadh an nós imeachta um shárú a chur ar neamhní ina iomláine agus tríd an gcumhacht a bhaint den údarás sin imeachtaí nua um shárú a thionscnamh maidir leis an gcleachtas céanna.

Costais

82 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 4(5) agus Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus Airteagal 102 CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta:

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta reachtaíocht náisiúnta ar dá réir, le linn imeachtaí maidir le cleachtas frithiomaíoch arna seoladh ag údarás náisiúnta iomaíochta, ar an gcéad dul síos, a fhorchuirtear oibleagáid ar an údarás sin an chéim imscrúdaithe sáraíochta den nós imeachta sin a thionscnamh trí ráiteas agóidí a sheoladh chuig an ngnóthas sin laistigh de theorainn ama 90 lá ón tráth a bhfuil sé ar an eolas faoi na gnéithe bunriachtanacha den

sárú líomhainte, a d'fhéadfadh a bheith teoranta do na gnéithe sa chéad tuairisc maidir leis an sárú sin, agus, ar an dara dul síos, a dhéantar neamhchomhlíonadh na teorann ama sin a phionósú tríd an gcinneadh críochnaitheach ón údarás sin ag deireadh an nós imeachta um shárú a chur ar neamhní ina iomláine agus tríd an gcumhacht a bhaint den údarás sin imeachtaí nua um shárú a thionscnamh maidir leis an gcleachtas céanna.

Sínithe